# An Ciste Iascaigh Eorpach



© Lionel Flageul



Thosaigh an Ciste Iascaigh Eorpach (CIE) ag feidhmiú i Mí Eanáir 2007. Is í an aidhm atá leis ná feabhas a chur ar iomaíocht na hearnála agus cabhrú léi le bheith inbhuanaithe go heacnamúil, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de. Leis sin a bhaint amach tá buiséad aige de €3.8 billiún (nó € 4.3 billiún de réir na bpraghsanna reatha) don tréimhse seacht mbliana 2007-2013. Tá maoiniú ar fáil do gach earnáil den tionscal: iascaireacht fharraige agus intíre, dobharshaothrú, agus próiseáil agus margaíocht táirgí iascaigh. Tugtar aird ar leith ar na pobail iascaireachta sin is mó a ndeachaigh na hathruithe a tharla le déanaí i bhfeidhm orthu.

Tá an CIE deartha le gurbh éasca é a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ná an ionstraim a bhí ann roimhe, an Ionstraim Airgeadais do Threoir Iascaigh (IATI). Chomh maith leis an tsolúbthacht mhéadaithe a bhaineann léi tá le fáil sa CIE roinnt samplaí nuálaíochta. Áirítear orthu seo modhanna iascaireachta níos roghnaí, béim mhéadaithe ar iascaireacht inbhuanaithe agus bearta comhleasa, ar a n-áirítear tionscadail phíolótacha, maoiniú do straitéisí forbartha áitiúla agus tacaíocht do bhearta uiscethimpeallachta. Faoi mar a tharla faoin IATI, níl aon mhaoiniú ar fáil do thógáil soithí nua nó le méid a mboilg a mhéadú. I gcomhar le cistí struchtúrtha eile an AE, ní féidir maoiniú AE a úsáid leis féin, ach díreach le caiteachas náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a chomhlánú.

Gné nua eile ná go bhfuil an maoiniú dírithe go mór ar na réigiúin 'coinbhéirseachta', .i. na réigiúin sin ina bhfuil a gcuid leasa eacnamaíoch níos ísle ná meánmhéid an AE.

## Conas a fheidhmíonn sé

Dréachtaíonn na húdaráis náisiúnta plean straitéiseach a thugann léargas fadtéarmach d'fhorbairt a bpolasaí iascaigh agus dobharshaothraithe, dar leo, idir 2007 agus 2013, agus a mhíníonn conas a bhaintear amach cuspóirí an CIE ar an tslí seo. Ní mór don phlean tosaíochtaí, cuspóirí, meastacháin chaiteachais phoiblí agus spriocdhátaí a shainmhíniú. Dréachtaítear plean feidhmiúcháin ina dhiaidh sin ina dtugtar cur síos níos mionsonraithe ar an tslí ina bhfuil sé i gceist ag na húdaráis náisiúnta na deiseanna sin a thairiscíonn an CIE a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Ullmhaítear an bheirt i ndlúthchomhairle le comhpháirtithe réigiúnacha agus áitiúla eacnamaíocha agus sóisialta.

## Deiseanna maoinithe

Díríonn an CIE ar chúig réimse tosaíochta. Is ionann a lán dá chuid gníomhaíochtaí agus cleachtais a bhíodh ar siúl ag IATI, ach tá cuid acu úrnua.

**Coigeartú an loingis (Ais 1)**
Má shocraíonn Ballstát deiseanna iascaireachta a laghdú, is féidir go mbeidh cabhair ar fáil do shoithí a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí a scor ar bhonn buan nó sealadach. Is féidir cabhair a thabhairt freisin do raon oibriúchán eile: sábháilteacht ar bord agus feabhsuithe oibrithe, feisteas níos roghnaí, iascaigh cóstacha mionscála, bearta socheacnamaíocha ar a n-áirítear luathscor agus athoiliúint.

Is féidir go bhfaighidh soithí i gcodanna áirithe den loingeas cabhair le hinnill nua a chur isteach iontu, lena bhfágáil níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de, ach ní níos cumhachtaí.

**Dobharshaothrú, próiseáil agus margaíocht, iascaireacht intíre (Ais 2)**
Tá cabhair ar fáil d'éagsúlú i speicis nua dobharshaothraithe agus speicis ar ábhar maith marga0idh iad, dobharshaothrú atá cairdiúil don timpeallacht, bearta sláinte poiblí agus ainmhí, próiseáil agus margaíocht iascach agus táirgí dobharshaothraithe, agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Is ann d'fhorálacha ar leith don iascaireacht intíre, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann léi i lár agus in Oirthear na hEorpa.

**Bearta comhleasa (Ais 3)**
Is gníomhaíochtaí iad seo nach gnách go dtacaítear leo ag an earnáil phríobháideach agus a sáraíonn a dtábhacht iomlán leasa tráchtála na gcomhlachtaí aonair. Is féidir leo cosaint agus forbairt fhána


© Lionel Flageul

Oiriúnaithe Loingis, a chuireann ar fáil tacaíocht bhreise le laghduithe suntasacha toillte a spreagadh sna codanna sin den loingeas is mó a úsáideann breosla. Mairfidh na maoluithe seo ar feadh dhá bhliain agus beidh siad faoi réir ag monatóireacht agus ag measúnú leanúnacha. Tá na sonraí ar fad le fáil i Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 744/2008 ó 24 Iúil 2008, inar tionscnaíodh gníomhaíocht shealadach shonrach le hathstruchtúrú loingis iascaireachta an Chomhphobail Eorpaigh a bhfuil an ghéarchéim eacnamaíoch ag cur isteach orthu a chothú.

agus fhlóra uiscigh, poirt, foscaí agus láithreáin díluchtaithe, forbairt fheachtas nua margaíochta agus tionscnaimh, tionscadail phíolótacha agus gníomhartha comhchoiteanna eile.

**Forbairt inbhuanaithe limistéar iascaigh (Ais 4)**
Tá maoiniú sa chatagóir seo bunaithe ar straitéisí forbartha áitiúla, rud a léiríonn cur chuige ó bhun aníos. Tá sé d'aidhm aige cabhrú le pobail áitiúla a spleáchas eacnamaíoch a laghdú ar ghabhálacha éisc.

Tá pobail chóstacha, agus na pobail sin atá suite in aice le lochanna agus lócháin ina bhfuil leibhéal suntasach fostaíochta le fáil in earnáil na n-iascach, i dteideal cabhair a fháil ón AE lena n-acmhainn iomaíochta ghinearálta a threisiú, le luach a chur le táirgí iascaigh, le hinfrastruchtúr agus seirbhísí turasóireachta a fhorbairt, leis an timpeallacht a chosaint agus le comhoibriú idir-réigiúnach agus trasnáisiúnta a spreagadh.

**Cabhair theicniúil (Ais 5)**
Clúdaíonn an chatagóir seo rudaí ar nós staidéar, tuarascálacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus gníomhartha eile a bhaineann le cur i bhfeidhm na gclár oibríochtúil.

## Creatlach Rialála

Tá trí eilimint i gceist: rialachán Comhairle a leagann amach bunphrionsabail: rialachán a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm a leagann síos gnáthaimh mhionsonraithe nach mór do na Ballstáit cloí leo; agus vade mecum comhairle praiticiúla do na húdaráis náisiúnta faoi conas a gcuid clár a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.

## Réimeas Éigeandála

I Mí Iúil 2008 ghlac an Chomhairle le roinnt maoluithe sealadacha do rialacha an CIE, leis an mbealach a éascú do na Ballstáit próiseas athstruchtúrú an loingis a chur i gcrích, mar fhreagra ar an ngéarchéim eacnamaíoch thromchúiseach a bhí á leathnú go gasta ar fud an tionscail. Áiríodh orthu seo cruthú Scéimeanna

**Doiciméid**

Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1198/2006 ó 27 Iúil 2006 faoin gCiste Iascaigh Eorpach.

Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 498/2007 ó 26 Márta 2007, inar leagadh síos rialacha mionsonraithe do chur i bhfeidhm Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1198/2006 faoin gCiste Iascaigh Eorpach.

### Leithdháileadh cabhrach CIE ó 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2013

| Ballstát | Coinbhéirseach | Neamhchoinbhéirseacht | Iomlán |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | | 26 261 648 | 26 261 648 |
| An Bhulgáir | 80 009 708 | | 80 009 708 |
| An Phoblacht Sheiceach | 27 106 675 | | 27 106 675 |
| An Danmhairg | | 133 675 169 | 133 675 169 |
| An Ghearmáin | 96 861 240 | 59 004 177 | 155 865 417 |
| An Eastóin | 84 568 039 | | 84 568 039 |
| Éire | | 42 266 603 | 42 266 603 |
| An Ghréig | 176 836 728 | 30 995 509 | 207 832 237 |
| An Spáinn | 945 692 445 | 186 198 467 | 1 131 890 912 |
| An Fhrainc | 34 250 343 | 181 802 741 | 216 053 084 |
| An Iodáil | 318 281 864 | 106 060 990 | 424 342 854 |
| An Chipir | | 19 724 418 | 19 724 418 |
| An Laitvia | 125 015 563 | | 125 015 563 |
| An Liotuáin | 54 713 408 | | 54 713 408 |
| An Ungáir | 34 291 357 | 559 503 | 34 850 860 |
| Málta | 8 372 329 | | 8 372 329 |
| An Ísiltír | | 48 578 417 | 48 578 417 |
| An Ostair | 187 326 | 5 071 992 | 5 259 318 |
| An Pholainn | 734 092 574 | | 734 092 574 |
| An Phortaingéil | 223 943 059 | 22 542 190 | 246 485 249 |
| An Rómáin | 230 714 207 | | 230 714 207 |
| An tSlóivéin | 21 640 283 | | 21 640 283 |
| An tSlóvaic | 12 681 459 | 1 007 069 | 13 688 528 |
| An Fhionlainn | | 39 448 827 | 39 448 827 |
| An tSualainn | | 54 664 803 | 54 664 803 |
| An Ríocht Aontaithe | 43 150 701 | 94 677 188 | 137 827 889 |
| **Iomlán** | **3 252 409 308** | **1 052 539 711** | **4 304 949 019** |

* Suimeanna in EUR, praghsanna reatha